Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9194/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0088 (NLE)**

**PROBA 19**
**AGRI 206**
**WTO 45**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán trádála le haghaidh olaí olóige agus olaí probhaite ológ<br>- *Ráiteas ón bPortaingéil agus ón Spáinn* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí ráiteas ón bPortaingéil agus ón Spáinn maidir leis an ábhar thuasluaite san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

**IARSCRÍBHINN**

*Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán trádála le haghaidh olaí olóige agus olaí probhaite ológ*

Ráiteas ón Spáinn agus ón bPortaingéil

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán trádála le haghaidh ola olóige agus ola probhaite ológ, tá an Spáinn agus an Phortaingéil i gcoinne fonóta a chur isteach lena n-athraítear an teorainn le haghaidh iomlán na stéaról i gcomhair olaí olóige aonchineálacha a fhaightear ó chineálacha ológ Koroneiki nó Nocellara del Belice, go dtí go ndéanfar staidéir eolaíocha bhreise.

Áirítear an paraiméadar 'iomlán na stéaról' i gcaighdeán ola olóige IOC mar tháscaire ar íonacht na hola olóige nó, i bhfocail eile, mar tháscaire indíreach ar ionramhálacha calaoiseacha agus meastar gurb é an luach atá socraithe faoi láthair an íosteorainn chun a híonacht a ráthú. Tá an Spáinn agus an Phortaingéil i gcoinne an teorainn íosta 'iomlán na stéaról' a athrú mar a shainmhínítear san fhonóta. Mar sin féin, ghlacfaimis le híosteorainn 'iomlán na stéaról' a laghdú, fad is atá modh ceimiceach malartach nó crann cinnteoireachta malartach ann lena ráthaítear barántúlacht an táirge, mar atá ann faoi láthair i gcás olaí olóige eile nach gcomhlíonann paraiméadair cheimiceacha bhunaithe áirithe. Creidimid nach mór aon mhodhnú ar chaighdeán trádála IOC a bheith bunaithe ar fhorais fhónta theicniúla, cheimiceacha agus eolaíocha.

Gan an paraiméadar ceimiceach malartach sin, ní bheidh na seirbhísí rialaithe oifigiúla in ann a ráthú go bhfuil na holaí olóige a dhearbhaítear a fuarthas ón dá chineál sin fíor agus nach ndearnadh ionramháil orthu. Is iomaíocht éagórach é sin le holaí olóige eile agus téann sé i gcoinne an bheartais maidir le cosaint tomhaltóirí.

Beidh éifeachtaí dlíthiúla ann i reachtaíocht an Aontais má dhéantar caighdeán IOC le haghaidh olaí olóige agus ológa boird a mhodhnú. Chun comhlíonadh ár rialacha trádála a áirithiú, tá sé ríthábhachtach tacú leis na húdaráis rialaithe trína áirithiú go n-urramaíonn gach ola olóige na rialacha céanna. Is gá cáilíocht a chosaint agus a ráthú do thomhaltóirí go gcomhlíonann gach ola olóige na caighdeáin cháilíochta.

Ar na cúiseanna sin go léir, ní féidir leis an Spáinn ná leis an bPortaingéil tacú faoi láthair leis an leasú atá beartaithe maidir le caighdeán IOC le haghaidh olaí olóige agus ológa boird chun íosteorainn iomlán na stéaról a mhodhnú.